2025/644

28.3.2025

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/644 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 24 Márta 2025**

**lena n-údaraítear don Fhrainc ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm maidir le peitreal gan luaidhe a úsáidtear mar bhreosla mótair agus a ídítear i ranna na Corsaice i gcomhréir le Treoir 2003/96/CE**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Comhphobail maidir le cánachas ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas [1], agus go háirithe Airteagal 19(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 2007/880/CE ón gComhairle [2] agus Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/192/AE [3] agus (AE) 2019/372 [4] ón gComhairle, údaraíodh an Fhrainc ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm maidir le peitreal gan luaidhe a úsáidtear mar bhreosla mótair agus a ídítear i ranna na Corsaice i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir 2003/96/CE.

(2) Le litir dar dáta an 31 Deireadh Fómhair 2024, d'iarr an Fhrainc údarú chun leanúint de ráta laghdaithe cánach fuinnimh a chur i bhfeidhm maidir le peitreal gan luaidhe a úsáidtear mar bhreosla mótair. Is é EUR 1 in aghaidh an heictilítir an laghdú. Iarradh an t-údarú ar feadh tréimhse ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2028. Sa Chorsaic, tá an costas a bhaineann le peitreal gan luaidhe a sholáthar don réamhchúirt i bhfad níos airde ná mar atá i mórthír na Fraince, agus tá na praghsanna deiridh os cionn EUR 0,10 in aghaidh an lítir níos airde ná na praghsanna deiridh ar an mórthír.

(3) Tríd an gcáin ar pheitreal gan luaidhe a iompraíonn tomhaltóirí sa Chorsaic a laghdú, cuirfear na tomhaltóirí lena mbaineann ar bhonn níos cothroime leo siúd ar an mórthír. Dá bhrí sin, comhlíontar leis an mbeart cuspóirí de chuid an bheartais réigiúnaigh agus comhtháthaithe.

(4) Níl an laghdú cánach níos mó ná an méid is gá chun foráil a dhéanamh maidir leis na costais bhreise iompair agus dáileacháin a íocann tomhaltóirí sa Chorsaic.

(5) Comhlíonann an leibhéal deiridh cánachais na híosrátaí a leagtar síos i dTreoir 2003/96/CE, arb é atá ann faoi láthair EUR 359 in aghaidh gach 1 000 lítear (nó EUR 35,90 in aghaidh an heictilítir).

(6) I bhfianaise chineál iargúlta agus oileánach na rann a mbeidh feidhm ag an leibhéal deiridh cánachais maidir leo agus an laghdaithe mheasartha ar an ráta - atá, thairis sin, an-ard i gcomparáid leis an íosleibhéal a leagtar amach i dTreoir 2003/96/CE - ní bheidh aon ghluaiseacht a bhaineann go sonrach le soláthar breosla mar thoradh ar an mbeart a iarrtar.

(7) Dá bhrí sin, tá an beart inghlactha ó thaobh fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh de agus ó thaobh an ghá iomaíocht chóir a áirithiú agus níl sé ar neamhréir le beartais sláinte, chomhshaoil, fuinnimh ná iompair an Aontais.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, an Fhrainc a údarú, de bhun Airteagal 19(2) de Threoir 2003/96/CE, ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm maidir le peitreal gan luaidhe a úsáidtear mar bhreosla mótair agus a ídítear sa Chorsaic.

---

[1] IO L 283, 31.10.2003, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/96/oj.

[2] Cinneadh 2007/880/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 2007 lena n-údaraítear don Fhrainc ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm maidir le peitreal gan luaidhe a úsáidtear mar bhreosla mótair agus a ídítear i ranna na Corsaice i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir 2003/96/CE (IO L 346, 29.12.2007, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2007/880/oj).

[3] Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/192/AE ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 lena n-údaraítear do Phoblacht na Fraince ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm maidir le peitreal gan luaidhe a úsáidtear mar bhreosla mótair agus a ídítear i ranna na Corsaice i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir 2003/96/CE (IO L 113, 25.4.2013, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2013/192/oj).

[4] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/372 ón gComhairle an 5 Márta 2019 lena n-údaraítear don Fhrainc ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm maidir le peitreal gan luaidhe a úsáidtear mar bhreosla mótair agus a ídítear i ranna na Corsaice i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir 2003/96/CE (IO L 68, 8.3.2019, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2019/372/oj).

(9) Chun aon chur isteach a sheachaint, ba cheart a áirithiú gur féidir leis an bhFrainc an laghdú sonrach lena mbaineann an Cinneadh seo a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2025, á leanúint gan uaim ó na réamhshocruithe faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/372. Ba cheart, dá bhrí sin, an t-údarú a iarradh a dheonú le héifeacht ón 1 Eanáir 2025.

(10) I gcomhréir le hAirteagal 19(2) de Threoir 2003/96/CE, tá gach údarú a dheonaítear faoin bhforáil sin le bheith teoranta ó thaobh ama de. Chun leibhéal leordhóthanach cinnteachta a áirithiú do na ranna lena mbaineann, ba cheart an t-údarú a dheonú ar feadh tréimhse 4 bliana. Mar sin féin, chun nach ndéanfar dochar d'fhorbairtí ginearálta a dhéanfar amach anseo ar an gcreat dlíthiúil atá ann cheana, is iomchuí a fhoráil, i gcás ina ndéanfadh an Chomhairle, ag gníomhú di ar bhonn Airteagal 113 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, córas ginearálta a thabhairt isteach chun cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh nach ndéanfaí an t-údarú a oiriúnú ina leith, gur cheart an Cinneadh sin a dhul in éag an lá a thiocfaidh an córas sin chun bheith infheidhme.

(11) Tá an Cinneadh seo gan dochar do chur i bhfeidhm rialacha an Aontais maidir leis an Státchabhair,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear an Fhrainc laghdú ar an ráta cánachais nach mó ná EUR 1 in aghaidh an heictilítir a chur i bhfeidhm maidir le peitreal gan luaidhe a úsáidtear mar bhreosla mótair agus a ídítear i ranna na Corsaice.Chun aon róchúiteamh a sheachaint, ní rachaidh an laghdú thar na costais bhreise a bhaineann le hiompar, stóráil agus dáileadh a iompraítear i ranna na Corsaice i gcomparáid le mórthír na Fraince.

Urramóidh an ráta laghdaithe leis na híosrátaí dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2003/96/CE.

*Airteagal 2*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2028.

Mar sin féin, i gcás ina ndéanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar bhonn Airteagal 113 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, nó ar bhonn aon fhorála iomchuí eile den Chonradh, córas ginearálta modhnaithe a thabhairt isteach lena ngearrfaí cáin ar tháirgí fuinnimh, córas nach ndéanfaí an t-údarú a deonaíodh in Airteagal 1 den Chinneadh seo a chomhoiriúnú ina leith, scoirfidh an Cinneadh seo d'fheidhm a bheith aige an lá a thiocfaidh an córas ginearálta modhnaithe sin chun bheith infheidhme.

*Airteagal 3*

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a thabharfar fógra faoi.

*Airteagal 4*

Is chuig Poblacht na Fraince a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Márta 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

C. SIEKIERSKI